**Preasráiteas**

**COSC: Dé Luain 29/12/08**

# "Breis is 1 milliún cuairteoir laistigh de dhá mhí: ag éirí go hiontach le suíomh gréasáin logainmneacha" - Ó Cuív

Dúirt an tAire Gnothaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, TD, inniu go bhfuil sé an-sásta go bhfuil ag éirí chomh maith sin le suíomh gréasáin logainmneacha, www.logainm.ie, a mheall **1,054,113** cuairt laistigh de dhá mhí ó seoladh an suíomh go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Léiríonn na staitisticí a sholáthraigh Fiontar, aonad um theagasc agus taighde Gaeilge de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, gur tugadh 481,032 cuairt ar an suíomh i mí Dheireadh Fómhair agus gur tugadh 573,081 cuairt air i mí na Samhna.

Ba é Baile Átha Cliath an logainm is mó cuardaithe, agus 158 cuardach déanta air, agus ba é An Daingean / Dingle an dara ceann is coitianta agus 103 cuardach déanta air. Bhí Béal Feirste agus Tamhlacht sa tríú áit agus 94 cuardach déanta orthu araon.

Is féidir le cuairteoirí ar an suíomh éisteacht le comhaid fuaime logainmneacha áirithe i gContaetha Phort Láirge, na Gaillimhe agus Dhún na nGall. Tá íomhánna scanta de thaifid cartlainne an Bhrainse Logainmneacha ag gabháil le go leor logainmneacha ar www.logainm.ie freisin, mar aon le háis aistriúcháin chun liostaí logainmneacha a thiontú ó theanga go chéile.

"Táim thar a bheith sásta go bhfuil ag éirí chomh mór sin leis an suíomh gréasáin," a deir an tAire Ó Cuív, "agus léiríonn an t-ardleibhéal úsáide ó seoladh an suíomh go bhfuil éileamh ard amuigh ansin ar acmhainn den chineál seo. Baineann tábhacht ar leith le logainmneacha ó thaobh chultúr na hÉireann de, toisc go bhfuil siad chomh lárnach sin maidir leis an mothú aitheantais agus oidhreachta atá ionainn. Cuireann an suíomh gréasáin seo ar chumas duine ar bith in áit ar bith ar domhan rochtain a fháil ar shaibhreas eolais logainmneacha na hÉireann soar in aisce agus tá sé iontach ar fad go bhfuil úsáid bainte ag an méid sin daoine as an tseirbhís go dtí seo."

**Nóta don Eagarthóir:**

Is suíomh gréasáin poiblí é www.logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin bailte, sráideanna agus oifigí poist ar fud na tíre ar fáil don phobal. Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag FIONTAR, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Is é príomhchúram **an Bhrainse Logainmneacha** sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, taighde a dhéanamh chun ceartfhoirmeacha Gaeilge logainmneacha na hÉireann a aimsiú agus a fhoilsiú le húsáid go hoifigiúil. Is de réir contae a dhéantar taighde de ghnáth. Chomh maith leis sin, freastalaíonn an Brainse ar riachtanais oifigiúla eile a bhaineann le logainmneacha.

Bunaíodh **Fiontar** sa bhliain 1993 in DCU mar aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge. Tá ceithre chéim theagasctha faoi chúram Fiontar faoi láthair agus ceithre thionscadal taighde:

Cláir: BA Gnó agus Gaeilge; BA Gaeilge agus Iriseoireacht; MSc i nGnó agus i dTeicneolaíocht an Eolais; MA sa Chleachtas Dátheangach

Tionscadail: Bunachar Logainmneacha na hÉireann www.logainm.ie; An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta www.focal.ie; LEX – Téarmaí Gaeilge a fhorbairt don Aontas Eorpach agus téarmaí dlí a fhorbairt; Plean 2028 – Straitéis 20 bliain don Ghaeilge.

**Eisithe ag Oifig Preasa & Eolais na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.**

**Tel/Teil: 01 647 3130 Fax/Facs: 01 667 0826 Layla de Cogan Chin 087 6842755**

**Email / Ríomhphost: eolas@pobail.ie Web/Gréasán: www.pobail.ie**